# Guth Ghoill

€2



An tAth. Michael Brown

*Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.*
Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

# An tAth. Michael Brown



Rugadh an tAth. Micheal Brown i nDún Mór ar an chéad lá de Mheitheamh 1928. Téann tú fríd baile fearainn Dhún Mór agus tú ar an bhealach go dtí an Gleann. Daoine a raibh cleachtadh acu a bheith ag dul 'na phortaigh blianta ó shin bhí bealach suas thar a theach a d'úsáid daoine mar aicearra agus iad ar a mbealach go Mianach Umha – seo suas ag tigh Jimí Jim.

Gréasaí a bhí ina athair Jimmy agus bhí sé pósta ar Hannah Nic Giolla Bhríde, (Hannah Jimí Choirnín) as Gort na Bráid. Bhí ceathrar clainne ag Jimmy agus ag Hannah – Patrick, James, Mícheál agus an duine ab óige sin Bridget. Tá an chuid eile den chlann ar shlí na fírinne anois, fuair James bás nuair nach raibh sé ach scór bliain d'aois, d'imigh Patrick go Glaschú; d'oibrigh Bridget in Óstán Rosapenna ar feadh tréimhse, ansin d'imigh sí go hAlbain fosta agus pósadh í ar Mick Lynagh as Gort na Bráid.

Bhí beirt dheirfiúr agus deartháir lena athair sna Stáit Aontaithe agus bhí aintín lena athair a raibh Nóra uirthi pósta i mBaile na Deora ar fhear de bhunadh Mhic Lochlainn. Ach bhí clann mhór ar thaobh na máthrach, bhí triúr uncail agus seisear aintín aige: bhí Doimnic pósta i nGleann Cheo, Jimmy i nGort na Bráid, Hughie i nDún Dealgán, Madgie in Easán Dubh, Máire i gCarraic, Neans i dTír Leathan, Katie ( Bn Uí Chuilinn ) i nGort na Bráid, Maggie (Bn Mhic Giolla Bhríde) i nDuibhlinn Riach, agus Ellen nach raibh pósta. Chaith sise am fada mar chócaire in Óstán na Trá sna Dúnaibh. D'fhág seo go raibh go leor áiteacha aige le cuairt a thabhairt orthu nuair a bhíodh sé ar laethanta saoire agus bhí siad uilig thar a bheith maith dó.

## Bás a Mháthrach.

Nuair a bhí Mícheál cúig bliana d'aois fuair a mháthair bás, bhí Mícheál ar an scoil ag an am. Chan achan pháiste a bhíonn ag briseadh amach le fáil 'na scoile ach sin mar a bhí sé leisean. Nuair nach raibh sé ach trí bliana d'aois ba ghnách leis a chuid deartháireacha a leanstan 'na scoile achan mhaidin síos go Scoil Charraig Airt ( ag Bochuinní) agus de thairbhe go raibh a mháthair ag éagaoineadh, thug Mrs Mc Grath, a bhí ag teagasc sa scoil ag an am, é isteach. Choinníodh sí é i seomra na naíonán go dtí go mbeadh a chuid deartháireacha ag dul 'na bhaile ag a trí. Ba mhór an gar a bhí anseo agus b'acht carthannachta a bhí ann dar ndóigh mar go dtabharfadh sé roinnt faoisimh dá máthair i rith



**Ag sáibháil an Fhéir:** Seo pictiúr a glacadh sa bhliain 1931.
**Ó chlé:** Ta beirt ar dhroim an asail, sin Patrick Brown, deatháir Mhícheáil, agus ina shuí ar mhuineál an asail te Micheal fhéin agus é corradh is trí bliaina. Ina sheasamh istigh eatorra tá stócach óg eile, sin Eddie Coyle. Ina sheasamh ar cúl tá a athair Jimmy Brown agus ar leathghlún faoi tá Barney Doherty. Ansin ag teacht ó chlé arís tá Domnic Mac Giolla Bhríde, (sin uncail Mhícheáil, Doimnic Jimmí Choirnín) a raibh cónaí air i nGleann Cheo. Ina shuí ar an fhéar ós ar chomhair amach ta máthair Mhícheail, sin Hannah Jimmí Choirnín agus ina baclainn tá deirfiúr Mhícheáil, an duine ab óíge sa chlann, sin Bridget. Ina suí ar choca féir in aice léi tá dhá ghasúr bheaga, sin Jimmy Jim agus in aice léi tá dearthái Mhícheáil, sin James Brown.

an lae. Bheireadh an máistreas lód bréagán dó achan lá a chuidigh leis an lá a chur thart agus is mar sin a chaith sé a chuid ama go sona sásta go dtí go mbeadh am baile ann tráthnóna. Nuair a bhí sé cúig bliana d'aois chuir sí é isteach sna naíonáin.

Is beag an chuimhne atá ag Mícheál dá mháthair ach go díreach go raibh cuimhne aige í a bheith tinn agus iontach lag in amanna. Ach is cuimhin leis an lá a fuair sí bás mar go raibh scaifte daoine fán teach. Ar an lá a cuireadh í is cuimhin leis a athair a fheiceáil ag siúl 'na bhaile trasna na gcuibhreann i ndiaidh an tórraimh. Ba mhór an buille a bhí ann do thachrán a mháthair a chailleadh.



**Seo Hannah, máthair Mhícheail**

Cé gur chrothnaigh Mícheál a mháthair i ndiaidh di bás a fháil choinnigh a athair an chlann le chéile agus chuidigh bás a mháthrach leis a bheith neamhspléach mar go raibh cuid

mhór rudaí arbh éigean don chlann a dhéanamh dóibh fhéin anois. D'amharc siad i ndiaidh a chéile mar go raibh a n-athair gnoitheach go maith ag dul don ghréasaíocht i rith an lae. D'fhoghlaim siad an dóigh le tine a chur síos, béilí a ullmhú agus iad fhéin a ullmhú don scoil achan mhaidin agus dar ndóigh bhíodh timireachtaí go leor le déanamh thart fán teach achan tráthnóna. Bhí eallach le cur isteach agus amach, d'fhoghlaim siad an dóigh le iad a bhlí, chuidigh siad leis an bharr – a chur agus a shábháil agus dar ndóigh shábháil siad an mhóin . Ar an dóigh seo mheas Mícheál gur thug an taithí seo i saol a óige ne-amhspléachas dó ar bhain sé tairbhe as le linn a shaoil. Bhí Mícheál ró-óg le tuiscint cheart a bheith aige do bhás a mháthrach, char chrothnaigh sé i gceart í go dtí níos moille ina shaol.

Ba ghréasaí den scoth a bhí ina athair Jimmy Brown agus bhain sé duais uair amháin do dhéanamh bróg.Dúirt Mícheál go raibh lámh iontach aige ar dhéanamh bróg agus go dearn sé bróga áilne. Ba ghnáth leis bróga a dhéanamh fosta d'aoirí (shepherds) an Bhrocaigh. Théadh sé go haonach an Chraoslaigh agus dhéanadh sé cosa na n-aoirí a thomhais agus bhíodh na bróga déanta aige dóibh don chéad aonach eile. Fear ceirde agus cruthaitheoir.

Bhí dúil mhór aige sa scoil, rud nach gcloisfeá ó mhórán daoine a bheadh ar chomhaois leis ag rá. D'admhaigh sé nach raibh a dhath sásúil fá bheith ag siúl na scoile i ndúlaíocht an Gheimhridh agus a bheith ina shuí in éadach fliuch i rith an lae agus chomh maith le sin bhí saol na scoile thar a bheith dian ag an



**Scaifte paistí i Scoil Charraig Airt le linn do Mhícheál a bheith ar an scoil ansin**. Ta cúigear sa líne tosaigh agus ceathrar ar cúl. Tá siad uilig ar shlí na fírinne anois, go ndéana Dia trócaire orthu, ach amháin Fr. Brown é fhéin.

**'Un tosaigh ó chlé:** Jimmy Jim, Micheal Brown, Bill Mac Pháidín (Bill Aindí Phádraig), Tommy Cullen agus James Sweeney.

**Ar cúl ó chlé:** Neil Friel, Mandy Coyle, Patrick kelly, agus Máire Bn Uí Ghallchóir (Mary Mandy).

am, ach thaitin an fhoghlaim leis, go háirithe an deis a fuair sé le neart léitheoireachta a dhéanamh. Ach ghoill sé air nach dearn an córas oideachais freastal orthusan a bhí ar an ghannchuid.Cha raibh dóigh ar bith a raibh a gcuid oideachais ag dul a dhul thar leibhéal na bunscoile, rinne an bhochtaineacht a bhí sa cheantar cinnte de sin. Chaithfeadh dóigh mhaith a bheith ar dhaoine lena gcuid páistí a chur go dtí an dara leibhéal agus cha raibh mórán acu sin fán cheantar. Bhí truaigh aige dóbhtha sin a bhí breá éirimiúil ach nach bhfuair deis ariamh a dhul níos faide sa chóras oideachais, ná deis a fháil an fhorbairt cheart a dhéanamh ar an éirim a bhí acu.

## Scairt na Sagartachta.

Bhí suim ag Mícheál a bheith ina shagart ó bhí sé an-óg ach cha dtiocfadh leis déanamh amach cad é mar d'éireodh leis a mhian a chur i gcrích mar go raibh airgead a dhíth le dhul 'na Coláiste agus cha raibh an cineál sin airgid acu. Ach d'aithin an múinteoir, Pat Mac Pháidín, (Pat Mór), dar ndóigh, go raibh éirim thar an ghnách i Mícheál agus thosaigh sé a ullmhú do scoláireacht na Comhairle Contae, ag súil go bhfaigheadh sé scoláireacht a bhéarfadh deis dó a dhul ar aghaidh agus oideachas dara leibhéal a fháil. Ach mar a deir an seanfhocal 'is gaire cabhair Dé ná an doras'. Timpeall an ama seo tháinig sagart ar cuairt ar scoltacha na paróiste ag cuartú gasúraí a raibh suim acu a dhul ar aghaidh le bheith ina sagairt. Ba seo an tAth. Seosamh Mac Giolla Choinnigh, as Rath Maoláin. Bhí sé ina uachtarán ag an am ar Choláiste dara leibhéal na gCairmíliteach (Carmelites) i gCo. Chorcaigh agus bhí an t-oideachas dara leibhéal seo saor in aisce.

Is cosúil go raibh a fhios ag an mháistír Mac Pháidín go raibh suim ag Micheál sa tsagartacht mar gur dhúirt sé leis an sagart labhairt le Mícheál. Mar a dúirt Mícheál é fhéin ba seo an deis a bhí a dhíth airsean agus ghlac sé leis go fonnmhar. Is cuimhin go maith le Mícheál gur labhair an tAth Mac Giolla Choinnigh lena athair agus dúirt sé leis: 'he's very small' agus dúirt a athair mar fhreagra, 'he's only eleven'. Mheas Mac Giolla Choinnigh go bhfanfadh siad bliain eile.



**Mícheál lena athair 1951**

Ba mhinic a smaoinigh sé ina dhiaidh sin caidé chomh hámharach agus chomh beannaithe agus a bhí sé ag an am go dtáinig an deis seo a bhealach mar is cinnte gur chuir cuairt an tsagairt 'na scoile cor ina

shaol.

## Ar shiúl go Corcaigh.

I mi Meán an Fhómhair 1940 a thug Mícheál aghaidh ar Chorcaigh.B'athrú mór a bhí ann dó a bheith ag fágáil an baile don chéad uair. Cha raibh sé furasta ag gasúr beag dhá bhliain déag a bheith ag déanamh an turas fada go Corcaigh, ag imeacht ó bhaile don chéad uair agus ag castáil ar dhaoine coimhthíocha, daoine nach raibh aithne ar bith aige orthu agus chuig áit a mbeadh air cairde úra a dhéanamh.Thiocfaí a rá go raibh Corcaigh comh fada ar shiúl i 1940 agus atá Boston inniu. Ach char chuir seo isteach nó amach air, thug sé sásamh iontach do an deis seo a fháil imeacht 'na coláiste.

Tá cuimhne i gcónaí aige ar a chéad thuras go dtí an choláiste i mBaile na Martra. (Castlemartyr). Bhí gasúr eile as Gort na Brád ag dul leis, ba seo gasúr de chlann Mhic Caffrey, bhí a mhuintir i ndiaidh a theacht as Meiriceá. An mhaidin a d'fhág siad fuair siad an bus i gCarraig Airt agus thug sin iad go Leitir Ceanainn, an traein ansin go Port a'Dúnáin áit ar athraigh siad go traein Bhaile Átha Cliath. Bhí sagart ansin rompu i mBaile Átha Cliath agus thug sé iad agus gasúraí ó áiteacha eile sa tír a bhí ag dul go dtí an Choláiste fosta, fá choinne lóistín na hoíche a fháil. Ar maidin lá arna mhárach chuir an sagart seo iad ar thraein Chorcaigh.

Cha raibh an choláiste mór, cha raibh ann ach timpeall trí fichid mac léinn ach bhí a chroí istigh sa choláiste agus i saol na coláiste ón chéad lá. 'Siad na rudaí faoin choláiste a thaitin leis ná go raibh cairdiúlacht iontach ann agus bhí an fhoireann (staff) lách, cineálta agus trócaireach. Cha raibh pionós ar bith a chur ar na gasúraí, níl fhios agam an rud é go raibh na mic léinn chomh múinte modhúil sin nó arbh rud é gurbh é polasaí an choláiste a bhí ann agus nach bhfaca siad tairbhe ar bith ag baint le pionós ach, ar chaoi ar bith, sin mar a bhí saol na coláiste i mBaile na Martra ag an am. Thiocfaí a rá nach raibh cosúlacht de chineál ar bith idir saol na coláiste i mBaile na Martra agus an saol i meánscoltacha eile ar fud na tíre, scoltacha ina bhfuair an 'leathar' tús áite.



**Mícheal agus fear céile a dheirfiúr, Mick Lynagh**

## Iománaíocht agus Peil.

Ceann de na cúiseanna móra dar ndóigh go raibh an oiread sin dúile aige i saol na coláiste ná go raibh a chroí sa spórt agus bhí béim mhór ar pheil agus ar iománaíocht. Cé nach raibh mórán

Sa rang ar an mheánscoil i gCorcaí. Ta mícheal un tosaigh, an tríú duine ó chlé.



taithí ag bunadh an cheantair seo ar iománaíocht thug Mícheál faoi go fonnmhar. Thosaigh sé tré bheith ina sheasamh lena chamán bheag ar chúl na gcúl ag bualadh na liathróide ar ais chucusan a bhíodh ag imirt. Bhí cleachtadh agus taithí ag furmhór na mac léinn ar an iománaíocht mar go dtáinig a lán acu ó chontaethe a raibh iománaíocht láidir ionntu. Nach iontach an díogras agus an dícheall a bhí i Mícheál mar nuair a d'fhág sé an choláiste sa bhliain 1945 bhí sé ar an fhoireann peile agus ar an fhoireann iománaíochta. B'éacht ann fhéin a bhí anseo.

Cha raibh ceangal ar bith ag na mic léinn leis an saol taobh amuigh, cha raibh fáil acu ar pháipéirí ná raidió, bhí siad gaibhte ina saol sona sásta fhéin agus cha raibh amhail ná aird acu ar an chogadh mór a bhí ag réabadh is ag strócadh an croí as tíortha na hEorpa.

## Baile Loch Riach. ( Loughrea).

Nuair a bhí an tArd Teist déanta aige bhí air bliain a chaitheamh i mBaile Loch Riach i gCo. Na Gaillimhe, áit a raibh mainistir ag na Cairmilítigh. Ba seo an áit a ndearna sé a nóibhíseacht (novitiate), tréimhse bliana a bhí ar na stócaigh óga a chaitheamh istigh anseo agus iad ag ullmhú don saol a bhí rompu in ord na gCairmilíteach. Ba seo bliain a bhí dian go leor, cha raibh teagmháil ar bith leis an saol taobh amuigh agus leoga cha raibh mórán teagmhála leis na stócaigh a bhí ina chuideachta mar go raibh tréimhsí fada i rith an lae nach raibh cead acu caidreamh ar bith a bheith acu le daoine eile. Seisear acu ar fad a bhí ann. Bhí ranganna sa chéad chuid den lá agus ansin chaith siad tréimhsí ag obair amuigh sna gairdíní a bhí mar pháirt den mhainistir.

Ach tharla eachtra truacánta, léanmhar eile ina shaol agus é thíos i mBaile Loch Riach, 'sé sin go bhfuair a dheartháir James bás agus gan é ach scór bliain d'aois. Ba seo sa bhliain 1946. Bhí sin olc go leor ach mar bharr ar an donas cha raibh cead aige a theacht 'na bhaile. Ba sin an riail a bhí ann maidir leis an nóibhíseacht, cha dtiocfadh leat dó nóibhíseacht a bhriseadh, bhí air fanacht

san áit a raibh sé. Cha dtiocfaí a rá gur riail a bhí ann a thaispeáin mórán trócaire.

## An Oirniú.

Nuair a bhí a bhliain curtha isteach aige i mBaile Loch Riach chaith sé an chuid eile dá chuid ama ag ullmhú don sagartacht i mBaile Atha Cliath, ag staidéar na fealsúnachta agus na diagachta. Cha ndéanfaí na micléinn a oirniú san am sin go mbeadh siad sé bliain agus fiche agus de thairbhe sin b'éigean dó fanacht bliain sa bhreis mar mhacléinn mar go raibh sé ró-óg. Ach buaileadh buille tubaisteach eile ar Mhícheál, seo sa bhliain 1952, an bhliain sular oirníodh é, mar go bhfuair a athair bás. Bhí ailse air ar feadh tréimhse agus ba sin an galar a thug a bhás sa deireadh. Bhí a athair ag súil go mór le hoirniú Mhícheáil agus bhí díomá mhór air nuair a tugadh le tuiscint dó nach mbeadh sé ansin leis an lá a cheiliúradh lena mhac. Dúirt sé, agus é ar leaba 'n bháis, a inseacht do Mhícheáil go mbeadh sé ag an ócáid i spiorad. Ba mhór an t-ábhár pianpháise a bhí ann dó go raibh a thuismitheoirí agus a dheartháir anois ar shlí na fírinne. Is cuimhin le Mícheál nuair a chuaigh sé ar ais go Baile Átha Cliath i ndiaidh an tórraimh gur dhúirt duine de na micléinn eile leis, 'Caithfidh tú treabhadh leat anois ar do chonlán fhéin'.

Is cinnte gur ghoill sé go mór ar an sagart óg as Dún Mór ar lá a oirnithe i gColáiste Clonliffe i Mí Márta 1953 nach raibh a athair ná a mháthair ansin le é a fheiceáil agus le bheith mar pháirt den ócáid ba thábhachtaí ina shaol. Rinne a athair péire úr bróg dó sula bhfuair sé bás agus ba seo na bróga a chaith Mícheál ar lá a oirnithe. Is fíor a rá gur fhulaing Mícheál cuid mhór ina shaol, bhí a dheartháir, a athair agus a mháthair ar shlí na fírinne nuair nach raibh sé ach ina fhear óg ceithre bliana agus fiche agus is cinnte go raibh cumhaigh mhór air ina ndiaidh in amanna i rith a shaoil. Ach mar a dúirt sé fhéin rinne sé cairde lena lán daoine a d'fhan dílis dó agus bhí a chuid daoine muinteartha thar a bheith maith dó.



Dar ndóigh ba ócáid mhór dó a theacht 'na bhaile i ndiaidh a oirnithe agus cuairt a thabhairt ar a chuid daoine muinteartha, ar a chairde agus ar an phobal. Ba le linn dó a bheith ag tabhairt cuairte ar thithe na paróiste a bhuail sé isteach ag athair agus máthair an Easpaig sna Dúnaibh, Joe agus a bhean Brigdet. Bhí Philip, an tEaspag Ó

Buaidhe anois ina leathstócach ag an am. Dúirt an tEaspag Ó Buaidhe ina chuid cainte san Ard Eaglais i Leitir Ceanainn le linn dó a bheith ag ceiliúradh a leathchéad bliain mar shagart gurb é Mícheál a spreag é le bheith ina shagart.

I ndiaidh a oirnithe cuireadh é fhéin agus beirt dá chairde a bhí sa rang leis ar ais go dtí an mhainistir i Loch Riach le tús a chur lena gcuid oibre mar shagairt.

## San Astráil.

Bhí sé timpeall dhá bhliain go leith ansin i mBaile Loch Riach nuair a thug an Proibhinseal cuairt ar an mhainistir i mí Eanáir na bliana 1956. Ba seo an fear céanna, an tAth Seosamh Mac Giolla Choinnigh, a bhí ina uachtarán ar choláiste na gCairmiléiteach i gCorcaigh, an áit a deachaigh Mícheál ar an mheánscoil. Bhí ardú céime faighte aige anois, bhí sé anois ina Phroibhinseal in ord na gCairmilíteach, rud a chiallaigh go raibh údarás aige anois agus an chumhacht leis na sagairt a bhí sna Cairmiléitigh a athrú cibé áit a ba mhian leis ar fud an domhain. Thosaigh sé ag caint leo faoin Astráil agus ba seo an dóigh a chur sé in iúl do Mhícheál go raibh sé chun é a chur go dtí an Astráil. Dúirt sé le Mícheál i dtús báire go raibh dúshraith (foundation) úr a leagan ag na Cairmiléitigh i Perth ach dúirt sé leis nach gcuirfeadh sé é chuig dúshraith úr. Dúirt sé leis ansin ' ach má scríobhann tusa chuig Mr. Counahan, gníomhaire taistil (travel agent) i gCill Áirne socróidh sé pasáiste duit go Brisbane'. Ba seo an dóigh a chur sé in iúl do Mhícheál go raibh sé le dhul go dtí an Astráil. Cha raibh a leithéid de rud agus ceist a chur air, 'ar mhaith leat nó ar





**Mícheál agus an tAthair Coen ag obair ar an fheirm i Varroville in aice le Sydney**

mhiste leat a dhul go dtí an Astráil.' Shíl Mícheál gur ghlic an mhaise dó a theacht chuige agus an scéal a bhriseadh mar a rinne sé; mheas Míchéal go mbeadh sé chomh cliste leis fhéin agus d'fhiafraigh sé dó an raibh 'g' in Counahan! Chan gur chuir sé isteach ar Mhícheál cá háit a gcuirfí é ach go díreach nár thaitin sé leis an dóigh a hinsíodh dó cá mbeadh a thriall. Ba seo in Aibreán na bliana 1956.

## Turas go dtí an Astráil.

Bhí an Astráil i lár na gcaogaidí i bhfad níos faide ar shiúl ná mar atá sí inniu. Thig an turas a dhéanamh sa lá atá inniu ann ar eitleán in corradh agus ceithre uaire fichead ach sna caogaidí ba turas loinge a bhí i gceist agus i gcás Mhícheáil de ba turas farraige cúig seachtaine a bhí ann.

D'fhág Mícheál an mhainistir i mBaile Loch Riach agus gan ina phóca ach £10 agus bhí aige lena bhealach a dhéanamh thart ar an domhan, ó cheann amháin go dtí an ceann eile, féadaim a rá, ar dheich bpunt. Chaith sé tamall i Sráid Chlarendon i mBaile Atha Cliath ar an bhealach go dtí an Astráil agus mheas sé go raibh an sparánaí (bursar) a bhí ansin a sheachaint le linn na gcúpla lá a bhí sé ansin ar eagla go n-iarrfadh Mícheál cúpla punt air! Ar an mhaidin a d'fhág sé cha raibh duine ná deoraí thart fiú le slán a fhágáil aige ná le hádh a ghuí air. Nach ait a bhí an saol ag an am in ord na gCairmiléiteach! D'fhág sé Sráid Clarendon leis fhéin agus cása in achan lámh agus shiúil sé go Westland Row áit a bhfuair sé traein a thug é amach go Dún Laoghaire agus fuair sé an bád as sin go Hollyhead. Ba seo an chéad uair dó a bheith amuigh as an tír agus mar a dúirt sé fhéin cha raibh taithí ar bith aige ar thaisteal ná ar an chóras iompar. Is dócha gur amharc sé cineál caillte ag Hollyhead ach bhí fear as Corcaigh ar an bhád fosta agus d'aithin sé nach raibh Mícheál ró-chinnte do fhéin agus bhí sé mar threoraí ag Mícheál as sin go Londain.Nuair a shroich siad Londain chuir fear Chorcaigh Mícheál ar an traein cheart.



Mícheal agus a chuid colceathracha i Philidelphia

Sheol Mícheál as Tilbury Docks ar an Thames ar long paisinéirí de chuid an P&O i mí Aibreán na bliana 1956. Bhí an tAthar

Pól Sullivan, cara da chuid agus fear muinteartha leis Jimmy Phaidí Rua ansin le slán a fhágáil aige. Ar an drochuair do Mhícheál cha raibh sé i bhfad amach go dtí gur bualadh buille eile air. An chéad lá ar an long do mhothaigh sé sórt lag agus chuaigh sé chuig an dochtúir agus d'inis dochtúir na loinge dó go raibh an bhruitíneach (measles) ag briseadh amach air agus go gcaithfí é a chur ar coraintín (in quarantine). Ba le linn dó a bheith sa bhaile le slán a fhágáil ag a chairde agus ag a chuid daoine muinteartha a thóg sé an bhruitíneach. Cha raibh an bhruitíneach air mar thachrán rud a d'fhág é anois ar choraintín.Ba seo buille cruaidh d'fhear óg a bhí amuigh as an tír don chéad uair, é ag imeacht go dtí an Astráil ar long mhór agus go mbeadh air triúr de na cúig seachtaine a chaitheamh i seomra leis fhéin, go díreach mar a bheadh sé i bpríosún. Le cur lena mhíshuaimhneas bhí seomra an choraintín go díreach os cionn seafta eiteogaí (propeller shaft) na loinge agus d'fhág seo gur chorrach go leor an codladh a bhí sé a fháil. Mar a dúirt sé fhéin, ' My Meditarean cruise was ruined'. Chuaigh an long fríd an Mheán Mhuir, fríd chanáil Suez agus isteach sa Mhuir Dhearg agus ar aghaidh go dtí an Mhuir Indiach. B'í an long deireanach a chuaigh fríd canáil Suez sular dhruid Nasser, uachtarán na hÉigipte an canáil i 1956. Bhuail siad isteach sa Ghréig agus iad ar a mbealach fríd an Mheán Mhuir agus thug siad imircigh ar bord, a lán páistí fosta. Bhíodh páistí ag rátáil thart ó cheann ceann na loinge agus 'sé an eagla a bhí ar an dochtúir ná go spréifeadh an bhruitíneach ar fud na loinge. Chan fhuair Mícheál amach as an choraintín go dtí gur shroich siad cathair Bombay san Ind agus ba sin corradh agus trí seachtaine den turas. Is cinnte go raibh áthas an domhain air a bheith ar ais sa tsaol.

Ar aghaidh leo ansin agus síos leo cósta thiar na hAstráile áit ar stop siad ag Perth. Chuaigh siad i dtír ansin agus chas sé leis an tAth. Henry. Thug sé Micheál amach timpeall an cheantair ar thuras ina charr ach bhí sé ar thiománaí chomh holc sin gur inis Mícheál dó go raibh an long ag fágáil ag am níos luaithe ná mar bhí sí sa dóigh go bhfágfadh sé é ar ais ag an long!



Ar bhainis James & Teresa Coyle sa bhliain 1956

Ar aghaidh leo ansin go Melbourne agus is cosúil go raibh an scéala acu ansin go raibh sé ar an bhealach mar go



An radharc ab ansa leis ar an bhealach na bhaile. Barr Loch 's Alt.

raibh dinnéar ceann bliana Chumann Dhún na nGall i Melbourne ar siúl an oíche a shroich sé an chathair agus bhí sé socraithe ag an choiste go mbeadh sé mar aoispeisialta acu. Chas sé le cuid mhór daoine óna chontae dhúchais an oíche sin agus leoga daoine as an cheantar seo a raibh aithne mhaith aige orthu, a leithéidí John Mc Ginley as an Ghleann Ard, John Boyce as an Ghleann agus Sophia Sweeney (deirfiúr le James Sweeney, a raibh cónaí air faoi Theach a' Phobail), bhí Sophia ina chuideachta le linn dó a bheith ar Scoil Charraig Airt. Bhí an-oíche aige an oíche sin. Bhí sagart ansin, an tAth Neil Boyle, bheadh sé ina nia (nephew) ag an Canon Boyle a bhí ina shagart paróiste anseo trácht den tsaol. Thug an sagart seo Mícheál thart fríd an chathair agus chan amháin sin ach thug sé é le té a bheith aige le hArdeaspag Melbourne, an fear cáiliúil sin Daniel Mannix, fear as Corcaigh a bhí ina Ardeaspag ar Melbourne ar feadh sé bliana is daichead. Bhí cáil mhór ar an fhear seo ar fud an domhain, cha raibh sé ariamh ró-fhada ar shiúl ó achrann ná conspóid ach bhí ardmheas ar fad ag Gaeil Mhelbourne air.

Tharraing an long isteach go Sydney fosta agus chaith sé cúpla lá ansin agus chas sé le sagart óg eile ansin, an tAth Ó Dálaigh. Ba seo fear a bhí ar an mheánscoil leis i gCorcaigh agus bhí sé anois ag obair i ndeoise Sydney.

## Brisbane.

Sa deireadh thiar thall rinne Mícheál a bhealach go Brisbane. Anseo bhí teach pobail agus teach ina dtabharfadh siad cúrsaí spioradálta (retreats). Comh maith le bheith ag tabhairt cúrsaí spioradálta bhí na gnáth dhualgais eile air—ag léamh an aifrinn, ag éisteacht faoistine agus ag tabhairt cuairte ar dhaoine. Bhí sé i Brisbane ocht mbliana sula bhfuair sé na bhaile. Sin an dóigh a raibh sé sna blianta sin, bhí turas fada go dtí an Astráil agus bhí sé costasach agus mar sin de nuair a bhí tú ann d'fhan tú ann-- tréimhse fada de bhlianta. Cha raibh na heitleáin ach ag toiseacht ar na turasanna fada. Nuair a



Seo Mícheal tamall sular sheol sé go dtí an Astráil



Ar a ghluaisrothair thuas ag tigh Jimmy Jim

chuirfeadh ord naofa macasamhail na Cairmiléitigh thú i bhfad ó bhaile bhíothas ag súil go bhfanfá ann roint maith blianta.

## A Chéad Thuras 'na Bhaile.

Nuair a bhí a thréimhse ocht mbliana curtha isteach ag Mícheál bhí air scríobh ansin chuig an phroibhinseal le cead a fháil a theacht na bhaile. Bhí cuimhne aige gur scríobh sé ina litir, 'May I soon see my Irish hills again.' Agus cha bheadh sé i bhfad go bhfeicfeadh. Bhí cuimhne mhaith aige ar an lá a fuair sé an dea- scéala sin, dúirt sé nach dtiocfadh leis focla a fháil le cur síos ceart a dhéanamh ar an dóigh a mhothaigh sé. Mar a dúirt sé fhéin: 'God, was I excited, I sang around the house all day. It was such a marvellous feeling'. Ba seo an bhliain 1964. Bhí cuireadh faighte aige roimhe sin ó Mhandy Gallchóir agus óna bhean Máire fanacht acusan nuair a thiocfadh sé 'na bhaile mar nach raibh duine ar bith anois ina theach fhéin. Bhí sé thar a bheith buíoch ar a shon seo mar nach raibh feidhm aige a bheith ag cur buairimh ar fhéin anois ag cuartú lóistín. Bhí siad thar a bheith maith dó agus ba seo an lóistín a bhí aige i gcónaí ina dhiaidh sin am ar bith a dtiocfadh sé 'na bhaile. Tháinig sé frío Mheiriceá ar an bhealach 'na bhaile mar gur mhaith leis bualadh lena chuid daoine muinteartha i Philadelphia agus dar ndóigh bhí siad uilig ag feitheamh leis ansin. Bhí scaifte mór as paróiste Mhíobhaigh i Philadelphia san am sin agus tháinig siad uilig le chéile nuair a shroich sé Philadelphia agus bhí 'party' mór acu. Dar ndóigh bhí aithne aige ar chuid mhór de na daoine a casadh air ansin.

Bhí suíochán fuinneoige aige ar an eitleán isteach 'na Sionainne agus b'é an chéad rud a thug sé faoi deara agus iad ag tuirlingt ná na páirceanna glasa, bhí siad donn go maith fán Astráil. Bhí Mandaí Gallchóir ag an tSionainn roimhe agus ar a mbealach 'na bhaile tháinig sé bealach Loch 's Alt, seo an bealach a thiocfadh sé i gcónaí agus é ag teacht 'na bhaile. Thaitin an radharc iontach leis nuair a thiocfadh sé go barr Loch 'a Alt, an ceantar álainn uilig spréite amach roimhe. Sé mhí de laetha saoire a bhí aige agus thug seo deis iontach dó am a chaitheamh lena chuid daoine muinteartha agus lena chairde.

Ach arís tháinig an tAth. Mac Giolla Choinnigh isteach ina shaol. Dúirt sé le Mícheál le linn dó a bheith sa bhaile ar laetha saoire go raibh na Cairmiléitigh chun mainistir úr a thógáil i New South Wales, taobh amuigh de chathair Sydney agus go raibh seisean le bheith ceaptha mar uachtarán (superior) ar an mhainistir úr. Nuair a rachadh Mícheál ar ais go dtí an Astráil is go dtí ceantar taobh amuigh de Sydney a bheadh sé ag dul agus bheadh air mainsitir úr a chur ar bun. Ach char tugadh airgead ar bith dó leis an phlean seo a chur bhfeidhm, cha raibh aige ach na trí chéad acra talaimh a bhí ag na Cairmiléitigh sa cheantar ina raibh an mhainistir le bheith tógtha ann. Varroville an t-ainm a bhí ar an áit.

## Sydney—New South Wales.

Chuaigh Mícheál ar ais go dtí an Astráil, go Sydney an iarraidh seo. Cha raibh i bhfad gur chuir sé aithne ar an phobal Caitliceach ansin agus rinne sé cairdeas le fear amháin, mar a dúirt sé fhéin, an cara is fearr a bhí aige ariamh agus ba seo an fear a chuidigh leis a dhul i mbun a chuid oibre. Lebanese a bhí san fhear seo agus bhí sé iontach saibhir ach chomh maith le bheith saibhir bhí sé ina chaitliceach díograiseach. Nuair a bhí an fear gnó seo dhá bhliain agus fiche bhí sé briste agus dúirt sé leis an Tiarna dá n-amharcfadh Sé ina dhiaidh go rachadh sé 'un Aifrinn achan mhaidin dá shaol. Nuair a chuir Mícheál aithne air bhí sé ina mhilliúnaí agus d'fhreastal sé ar an Aifreann achan mhaidin.



An 4 ball i N.S.W

Nuair a thosaigh Mícheál ag pleanáil don Mhainistir úr d'iarr sé ar Mhícheál a dhul isteach chuig an bhainisteoir bainc agus iasacht a shocrú. Dar ndóigh cha raibh taithí ag Mícheál ariamh ar a bheith ag deileáil le cúrsaí airgid ná le bancanna ach thug sé cuairt ar an bhanc ar aon nós mar go raibh iasacht a dhíth. Thosaigh an bainiste-



An áit a thóg sé i Varroville

oir a cheistiú maidir leis an mhaoin a bhí aige agus d'inis Mícheál do go raibh 300 acra d'fheirm acu. D'iarr an bainisteoir ar Mhícheál imeacht agus fáil amach an raibh maoin ar bith eile aige agus feiceáil cén dóigh a raibh sé chun an iasacht seo a dhíol ar ais, iasacht de $50,000 a bhí i gceist agus is cinnte gur suim mhór airgid a bhí ansin i 1965. Chuir Mícheál glaoch ar a chara agus dúirt sé le Mícheál toiseacht ar an phleanáil agus go n-amharcfadh seisean i ndiaidh an bhainc. Fuair a chara an iasacht ón bhanc agus lena chois sin chuaigh sé i mbannaí air . Dar ndóigh thóg seo ualach mór de ghualainneacha Mhícheáil agus cuireadh tús leis an tógáil.

Ach bhí feirm le reáchtáil fosta, bhí 360 acra acu.Bhí an talamh ag brath cuid mhór ar an fhearthainn, dá dtiocfadh an fhearthainn bheadh achan rud go breá ach muna dtiocfadh bheadh siad i mbuaireamh. Bhí dhá thriomach (drought) acu le linn na tréimhse a chaith sé ansin. Ceantar mór déiríochta a bhí sa cheantar ina raibh sé agus cheannaíodh siadsan gamhna de phór Freisian agus ansin nuair a d'fhásadh siad agus nuair a bhíodh gamhna acu bhéarfaí na gamhna go dtí an margadh agus dhíolfaí iad. Ach coinníodh cuid de na gamhna ar an fheirm fosta agus rith siad leis an bhó go dtí go mbeadh siad ocht mí nó mar sin agus ansin dhíolfaí iad fá choinne a gcuid feola mar go raibh éileamh mór ar laofheoil(veal). Mheasc siad an pór idir Freisian agus Hereford sa dóigh is go mbeadh gamhna acu a bhféadfaí a dhíol fa choinne a gcuid bainne nó a gcuid feola. Bhí cara aige a cheannaíodh tairbh ghinealaigh (pedigree bulls) dó. Nuair a bhí siad ag tógáil na mainistreach dúirt an ceann urraidh leis lá amháin go raibh a lán brící fágtha thart, go dtiocfadh leo cró muice a thógáil leo agus muca a choinneáil ar an bhia a bhíonn fágtha thart achan lá. Sin mar a rinneadh ach d'fhás an togra beag seo go dtí go raibh céad cráin mhuice acu agus muclach (piggery) breá nua-aimseartha. Nuair a chuir mé ceist ar Mhícheál an raibh a fhios aige mórán faoi chúrsaí feirmeoireachta nuair a thug sé faoi obair fheirme mar seo agus mar fhreagra rinne sé a sháith gáirí agus arsa seisean: ' cha raibh a fhios agam a dhath fá fheirmeoireacht'. Caithfear coinneáil i gcuimhne go raibh Micheál agus a chomrádaithe ag tabhairt cúrsaí spioradálta ( retreats) agus ag déanamh obair mhisinéireachta le linn don obair feirmeoireachta a bheith ar siúl acu. Lean chois sin ba ghnách leis madaí a phórú ( breed), blue heelers a bhí iontu, seo madaí eallach san Astráil.

Le linn do Mhícheál a bheith ag dul don fheirmeoireacht chuir sé aithne ar fheirmeoir mór thuas i Queensland, Herbie Bauer, agus ba seo cara mór eile a bhí aige amuigh ansin. Bhí sé thar a bheith éifeachtach mar fheirmeoir agus thar a bheith flaithiúil le Mícheál. Ba bhean de shloinneadh Madden as Co. Luimneach a bhí mar mháthair aige agus ba Gearmánach a bhí ina athair. Le linn den triomach (drought) a bheith acu chuir an feirmeoir seo 4,000 bale féir anuas chuige ar leantóir mór an bealach ar fad as Queensland go Sydney. 'Sé an luach a bhí ar 'bale' féir acu seo ag an am ná deich dollar ach cha raibh feidhm aige leathphingin a thabhairt dó orthu. Rinne sé seo dhá uair le linn dóbhtha a bheith i mbuaireamh leis an triomach. Ba seo an cara céanna a cheannaíodh na tairbh ghinealaigh dó agus a chuireadh iad anuas chuig Mícheál ar an traein. Mar a luaigh mé tamall ó shin bhí Mícheál ag pórú madaí eallach fosta, sin na blue heelers agus chuir sé ceann acu suas chuig Herbie. Bhí an madadh chomh traenáilte sin aige gur dheamhan i bhfad go raibh feirmeoirí eile i Queensland ag iarraidh na madaí seo a bhí sé ag pórú. Ba ghnách leis na 'blue heelers' a chur suas chuig Herbie ar eitleán agus dhíoladh Herbie iad le feirmeoirí eile. Cé shílfeadh go dtiocfadh 'entrepreneur' dá leithéid amach as an pharóiste. Bhí cuimhne aige a bheith amuigh tráthnóna amháin ag tabhairt bidh dá chuid muc agus an tráthnóna céanna sin ag tabhairt searmanas faoin mac drabhlasach. (the prodigal son).

## Brisbane agus Perth.

Nuair a bhí a chuid oibre déanta agus críochnaithe ag Mícheál i Sydney



An tAthair Mícheál ina shuí chuig béile lena chairde i gCarraig Airt


Ar laethanta saoire i gCarraig Airt 1990

cuireadh é go Brisbane arís i 1969 agus bhí sé ansin go dtí an bhliain 1972 nuair a h-aistríodh é go Perth. Bhí dúil mhór aige i Perth mar go raibh aithne mhaith aige ar na sagairt ansin. Bhí paróiste aige in Perth, paróiste mhór ina raibh cúig shagart Cairmilíteach eile. Bhí sé ansin ar feadh naoi mbliana, seisear acu seo mar shagart paróiste. Cha raibh mórán de dhifríocht idir na háiteacha san Astráil inár oibrigh sé ach amháin gur shíl sé go raibh na daoine i Perth thar a bheith cairdiúil. Bhí neart Éireannach i Perth, rinne cuid mhaith acu saol dóbhtha fhéin ansin i ndiaidh an chogaidh. Bhí neart Caitliceach de bhunadh Éireannach ansin fosta mar a bhí sna háiteachta eile san Astráil inár chaith sé a chuid ama.

Nuair a bhí tréimhse naoi mbliana curtha isteach aige i Perth cuireadh é ar ais go Varroville, go dtí an áit inár thóg sé an Mhainistir. Bhí sé ina Uachtarán Áitiúil anseo anois agus rinneadh Uachtarán Réigiúnach dó sa bhliain 1988. I ndiaidh dó trí bliana déag a bheith caite aige i Varroville thug sé aghaidh ar an bhaile don uair dheireannach, ba seo sa bhliain 1994. Bhí páirt mhór dá shaol caite aige san Astráil, dhá bhliain goirid ar dhaichead bliain. Is go Sráid Clarendon i mBaile Atha Cliath a chuaigh Micheál ar philleadh dó ón Astráil agus is ansin atá sé go fóill, tá sé i dTeach Pobail Naomh Treasa ar an tsráid sin agus dúil mhór aige san áit.

## An tAthair Micheál agus an Gailf.

Mar a chonaic muid ag tús a scéil ba fear a bhí ann a raibh dúil aige i spórt agus d'éirigh leis a bheith ar fhoireann iománaíochta agus peile an Choláiste i mBaile na Martra. Bhuel bhí cluichí eile ar chuir sé suim iontu fosta. Bhí suim mhór aige i Squash agus ba ghnách leis cluichí móra a eagrú le cara dá chuid as Béal Feirste sa Celtic Club i Perth, ba seo club na nÉireanach i Perth. Bhíodh na cluichí seo idir an péire acu thar a bheith iomaíoch (competitive) mar gur sin an cineál duine a bhí ann. Ach an tráthnóna áirithe seo agus coimhlint ghéar idir an bheirt acu i gceann de na cluichí seo mhothaigh Micheál go raibh an cluiche ag baint a chuid fhéin agus tuilleadh as agus go raibh na blianta ag baint uaidh fosta. Ina dhiaidh seo thosaigh sé ag smaoineadh ar cad é thiocfadh leis imirt agus é ina sheanduine agus thuig sé nach raibh a dhath fána choinne anois ach an gailf.

Bhí tús curtha aige leis an ghailf nuair a bhí sé i Brisbane.Dúirt bean leis a bhí i gcór (choir) Theach a' Phobail go dtaispeánfadh a deartháir dó an dóigh le gailf a imirt. Thug an fear seo, Ted Harvey, Micheál amach go dtí an chumann gailf agus thosaigh siad a chleachtadh. I ndiaidh cúpla cleachtadh a bheith déanta aige dúirt sé le Mícheál nach ndéanfadh sé galfaire a choíche, seo de thairbhe go raibh Micheál ag luascadh a bhata gailf go díreach mar dhéanfadh sé le camán. Ach d'fhan Mícheál leis agus dheamhan i bhfad go raibh sé ag teacht ar aghaidh go maith. Ach rinne sé dianchleachtadh ar a chuid fhéin agus dúirt sé le Ted lá amháin go dtiocfadh sé ar ais lá éigin agus go mbuailfeadh sé é ag an ghailf. Agus sin go díreach an rud a tharla agus thaispeáin sé arís cad é chomh iomaíoch agus a bhí sé. Nuair a chuaigh sé go Perth d'imir sé gailf achan Deardaoin, bhí a chroí istigh sa chluiche. Thug sé deis dó fáil amach faoin spéir agus fosta ba dóigh iontach a bhí ann castáil le daoine. Nuair a bhíodh sé fá bhaile d'imir sé cuid mhór le Ruaidhrí Sophie Logue ( Ó Gallchóir), Charlie Mhuirleog ( Mac Laifeartaigh), Charlie Hughie ( Mac Giolla Bhríde) agus Eugene Sheeran. Théadh siad, nuair a bhíodh sé ar laethanta saoire, chuig na comórtaisí foscailte uilig ó cheann ceann na Contae.

## Áiteacha eile.

Le linn do Mhícheál a bheith san Astráil d'éirigh leis cuid mhaith den tír a fheiceáil mar go mbíodh air cúrsaí spioradálta a thabhairt ar fud na tíre agus taobh amuigh de. Bhí sé i Brisbane, Adelaide,Perth, Papua New Guinea, Tasmania agus fiú sa Nua Shéalainn.

Tá Papua New Guinea amach ó chósta thuaidh na hAstráile. Bhí cuimhne


Ag amharc síos ar Dhún Mor



**É fhéin agus Mary Mandy. D'fhan sé i gcónaí ag Mandy agus a bhean Mary. D'amharc siad ina dhiaidh go maith.**

mhaith aige ar a chéad thuras go Yule Is. i Papua New Guinea le cúrsa spioradálta a thabhairt, mar go dearn na 'mosquitoes' é a ionnsaí ar a chéad oíche dó a bheith ansin. D'é an toradh a bhí ar seo ná go bhfuair sé malaria, ba ghnách leis na creathanna fuachta é a bhuaileadh ach fuair sé thairis ach thagadh sé arais ó am go ham.

Am eile bhí sé ag tabhairt cúrsa spioradálta ar Papua New Guinea do mhná rialta as Ord an Chroí Ró-Naofa, ba mhisinéirí a bhí iontu.An chéad tráthnóna dó a bheith ansin chuala sé ceol álainn ag teacht isteach ar fhuinneog a sheomra, duine éigin ag ceol 'It's a long way to Tipperary' agus nuair a d'amharc sé amach ar an fhuinneog go bhfeicfeadh sé cé a bhí ag ceol chonaic sé gur fear gorm a bhí a cheol. Maidin lá arna mhárach hinsíodh dó gur bean rialta as Luimneach a d'fhoghlaim an t-amhrán dó. Is cinnte gur turas fada a bhí ann don bhean rialta áirithe seo mar go raibh sí i Papua New Guinea ar feadh trí fichid bliain agus chan fhuair sí na bhaile ariamh. Ba seo an dóigh a bhí sé san ord seo.

Bhí sé i Tasmania minic go leor ach d'fhág Port Arthur i gcónaí é faoi ghruaim agus in isle brí, seo de thairbhe an dóigh a caitheamh leosan a bhí i ngéibheann.

Thaisteal sé ar thraein ó Perth go Sydney, turas atá 4,000 km. D'fhág sé fhéin agus cara leis Perth maidin Dé Domhnaigh agus bhí siad in Sydney ar an Satharn. Ach char thaisteal siad le linn na hoíche mar go raibh sé contúirteach de thairbhe go dtarraingeodh na soilse na kangaroos. D'fhan siad i dtithe lóistín agus bhíodh siad ar an bhealach arís i dtrátha a sé a chlog ar

# An tAthair Mícheál sa Bhaile.

Mothaíonn tú ó bheith ag caint le Fr. Micheal Brown go bhfuil sé sona sásta ann fhéin agus gur bhain sé, agus go bhfuil sé go fóill ag baint sásamh mór as a shaol mar shagart.Cuireadh an síol ina aigne go luath agus é ina ghasúr agus is cinnte gur lean sé a mhian.

Cé nár thaitin sé leis an dóigh a hiarradh air aghaidh a thabhairt ar an Astráil an chéad lá sin i mBaile Loch Riach is cinnte go dtugann sé sásamh intinne dó anois agus gur ábhar bróid dó an méid a d'éirigh leis a dhéanamh agus a thabhairt chun críche ar an taobh eile den domhan.

Cé go bhfuil sé buailte leis na deich mbliana agus ceithre scór tá intinn ghéar aige i gcónaí agus cuimhní soiléire aige atá ag dul siar go laethanta a óige. Thuigfeá ó bheith ag caint leis go rachadh a phearsantacht go mór i gcion ar a phobal agus go raibh an neamhspléachas arbh éigean dó a chothú ina óige ar cheann de na tréithe a thiomáin é níos moille ina shaol.

Bhain mé taitneamh iontach as na huaireanta a chaith mé ina chuideachta i Sráid Chlarendon agus é ag cur síos ar a thuras agus ar a shaol ón Dún Mór go dtí an Astráil agus ar ais go Baile Átha Cliath. Bhí sciar mór de bhrón aige i luathbhlianta a shaoil ach d'éirigh leis aghaidh a thabhairt ar an ualach seo chomh maith agus thiocfadh leis agus níl amhras ar bith ná go raibh an comhrá agus an seanchas a bhí againn lán de ghreann. Tá spiorad iontach ann. Go bhfeice sé an céad agus tuilleadh.



**Mícheal ós comhair na haltóra i dteach Pobail Naomh Treasa i Sráid Clarendon**

# Dún na nGall

Is mór an náire an meangadh gáire,
Bhíosar bheola daoine 'tá dúr, gan chéill,
Nach bhaca pArthas, ná aon t-saghas arúis,
Ach tithe dubha fé thoit gan spéir!
'Sé fáth mo bhuartha ná dtabhraid cuairt 'un,
Na h-aite is aille trathnóinín thall,,
Go croca fraoch-ghlas, is gleannta craobh-bhlast
Na contae aoibhne sin—Dún na nGall

Ta na Cealla Beaga 'sa chuan mór breá ann,
Ar áit comh suairc 's atá i nÉirinnchaoimh,
Bíonn ceol bog brónach na long tráthnóna,
Ag cur le cantan na n-éan ar chraobh;
Má théann tú 'choíche go Loch Dhún Lúiche,
Go Gort a' Choirce nó go barr Ghaoth Dobhair,
Ní bheidh tú corradh, nó 'choíche scaradh,
Le daoine caoine na gcroí maith mór.

Ros Guill na dtréanfhear, na naoimh 's na seanfhear,
Cill Áirne rein, níl comh h-aoibhinn ghráid !
Ta báigh na nDúnaibh, is ní h-aon rún é,
Mar Phárthas faolta is glinne seáil;
Tá flúirse sliabh ann le fáil gann riar ann,
Is aibhneacha ceolmhara 'g éaladh síos,
Fríd choill is éaorán, is fríd an mhoinfhéir,
Go bruac 'n mhín-mhuir 's an chladaigh thíos.

Bíonn daoine 'clamhsán fá phortaigh 'n mhóin —-
Fá easba fáscaidh 's an ghrian de dhearscaidh,
Mar an áit is measa ariamh ar domhain !
Ní fíor an cáineadh —- ní bhfáigh siad slánú,
Ma bíd ag bréagnú na h-áit gan chall,
Si 'n tír is aoibhne dár shiúl tú 'riamh ann,
Och ! Grá mo chroí thú Dhún na nGall.

Tá fir gan chrá ann, is togha mná ann,
Is scafairí óga 'ta láidir breá,
Tá flúirse geirseach, dhéanfadh 'n gnó ba threise,
'S iad ag ceol go h-aerach gach am de 'n lá;
Tá spóirt is rince gach trá go cinnte,
Le fáil gach áit ann i bhfos is thall,
Is anois a chairde beidh róimh-se fáilte
Má thriallann sibh choíche go Dún na nGall

Na Dúnaibh. Aibreann, '58.

**An mbeadh barúil ag duine ar bith cé a scríobh an dán seo?**

# Seanchas le Seán Ó hEochaidh

Ag leanúint ar aghaidh le

## Mí an Mhárta



Ansin bhí mórán rudaí eile ag baint leis an Mhárta chomh maith le aimsir, rudaí ag baint le sláinte na ndaoine. Tá mé cinnte go bhfaca daoine iad fhéin agus tá sé ag dul go dtí an lá inniu, na daoine seo a ólas an bachrán i rith Mhí an Mhárta. Tá an bachrán seo ag fás ins na locha beaga.
Tarraingíonn siad é, bruitheann siad é agus cuireann siad an sú i mbuidéal. Cuid acu a chuireas braon beag rum air agus tá cuimhne agamsa, bhí liocáras ann am amháin a dtabharfadh siad liocáras dubh air agus chuirfeadh siad na nithe seo uilig sa bhui-



déal seo agus d'ólfadh siad lán gloinne de chuile mhaidin. Ba léar dóbhtha nach raibh rud ar bith ar an tsaol ab fhearr leis an fhuil a ghlanadh ná sú an bhachráin seo.


Ag caint faoi chúrsaí aimsire bhain muidinne i dTeidhleann úsáid as an fhocal **uair** níos minicí ná an focal aimsir agus muid ag cur síos ar an aimsir-- tá uair (aimsir) mhaith air, nach breá an uair (aimsir) í agus nuair a athrós an uair (aimsir). Tá mé meas go bhfuil sin acu i gCo. Mhuigheó chomh maith, áit atá thall os ár gcoinne ar an taobh eile de Bháigh Dhún na nGall. Cha raibh sé coitianta fán chuid eile den Chontae seo, is fíor annamh a chuala mé daoine thart anseo i nGort a' Choirce ag trácht ar an uair—aimsir is gnách a bheith acu anseo. Cúpla seanfhocal a bhain leis an aimsir:

**Tá an uair ar na cláraí ar fad le cúpla lá—** tá an aimsir ag dul 'un donais le cúpla lá.

**Tá an uair 'na suí ar a tóin inniu—** nuair a bhíonn bun leis an aimsir, tá cosúlacht ar an aimsir mhaith go mairfidh sí.


**Tá sé déanamh siocáin an locháin bháin anocht—**Tá sé déanamh siocáin nach maireann i bhfad, siocán nach mbíonn bun ar bith air, siocán di-abhalta a dtiocfaidh milleadh air gan mhoill agus a mbeidh gaoth mhór agus

doineann ins na sála aige. Siocán ag tús na hoíche agus gaoth mhór roimh an mhaidin.



**Is fuar an oíche anocht ag pógadh na gcupán ----** an cineál oíche a rachfá isteach ‘na leapa muna mbeadh teas agat agus chuirfeá do ghlúine suas go dtí do smig agat. Bheifeá chomh cruinn le ceairtlín sa leaba agus ag casadh an éadaigh thart ort ag iarraidh thú fhéin a théamh. De ghnách oíche chruaidh shiocáin dhéanfá thú fhéin a chrupadh suas.

**Luí na spúnóg**: Ní raibh baint ar bith ag an fhuacht le seo. Ach go minic nuair nach mbeadh go leor fairsinge i dteach agus b’fhéidir go mbeadh triúr in aon leaba amháin, chaithfeadh siad luí in aice a chéile agus a n-aghaidh an bealach amháin agus ba sin luí na spúnóg, ag luí isteach le chéile. Is cuimhin liom sa tseanam gur mhinic a b’éigeán do iascairí, cur i gcás, luí den tsórt sin a dhéanamh. Cuir i gcás iascairí as Teidhleann a bhíodh i Málainn Bhig, chaithfeadh siad a theacht isteach le doineann agus ní bheadh go leor leapacha lena gcur a luí ann agus bfhéidir go gcuirfí triúr acu isteach i leabaidh amháin. Chaithfeadh siad luí na spúnóige a dhéanamh. Tá mise ag insint duitse gur dhoiligh mórán codlata a dhéanamh nuair atá luí na spúnóige ar dhaoine.





**An chloch ghéar: Chuaigh an chloch ghéar i dtalamh inniu**: Deir siad sin fá mhí na Samhna, an chéad lá de mhí na Samhna, ‘sé sin is dócha gur clocha sneachta atá i gceist ansin. Nuair a théid an chloch ghéar i dtalamh bítear ag súil leis an aimsir fhuar as sin amach.

**Cá bhfuil an sneachta mór a bhí ann anuraidh?** Nuair a imeos rud inteacht agus nach bhfuil fáil air cosúil mar a imeos an sneachta den chnoc. Is cuma caidé'n doimhne atá ann ná caidé'n trom atá ann nuair a thiocfas an Samhradh nó an aimsir mhaith imeoidh sé agus níl sé le fáil níos mó. Tá sé mar a gcéanna ansin le rathúnas ar bith a bhíodh ag daoine nó ag duine agus é bheith caillte nó imithe, bhainfí feidhm as an leagán cainte sin – cá bhfuil an sneachta mór, cá bhfuil an rud seo a bhí ann anuraidh?



**Tá an ghrian 'na túirne mhór inniu:** Sin leagan cainte fán aimsir a raibh an-suim ag daoine, go háirithe iascairí, ann. Bhí an ghrian cruinn cosúil le roth agus bhí na spící seo suas aisti cosúil le spócaí túirne. Ba sin an- drochchomhartha go brách ar an aimsir.






**Mionna na Cloigne.**

Bhí sé an-suimiúil an méid a bhí ag Seán Ó hEochaidh le rá fa-oi mhionna na cloigne. Seo an méid a bhí le rá aige faoi:

**'Ins an tseanam is cosúil, in áit mionna an leabhair a bheir sinne sa chúirt inniu bhí mionna acusan a dtabharfadh siad mionna na cloigne air agus 'sé an rud a bhí i mionna na cloigne ná nuair a dhé-anfadh duine rud inteacht as bealach nó nuair a bhriseadh sé an dlí a bhíodh ann san am agus nuair a bhéarfaí an duine seo os comhair an bhreithimh, in áit mionna an leabhair a thabhairt chaithfeadh sé mionna na cloigne a thabhairt. 'Sé an rud a bhí sa chloigeann seo ná blaosc duine a thógfaí as an reilig. Agus le cois a bheith 'na bhlaosc chaithfeadh blaosc an fhir seo, cibé é fhéin, clú a bheith air gur fear ionraice dóighiúil a bhí ann nach raibh rud ar bith bith le rá faoi, ansin bhéarfadh siad an bhlaosc sin 'na cúirte.**

Bhí dlí an docht ag baint leis, go gcaithfí i gcónaí an bhlaosc seo a chur ar ais san áit a bhfuarthas é ar an bhomaite a mbeadh duine réidh léithe.



# Foireann Peile na mBan



**Ar cúl ó chlé:** Seán Mac Giolla Chomhaill agus Pól Mac Giolla Bhríde, Bainisteoirí Cúnta; N. Nic Laifeartaigh, C. Uí Dhochtartaigh, E. NI Bhuaidhe, K Ní Ghabhagáin, N. Nic Fhionnlaoch, M. Nic Aodha, K. Nic Anraoi, B. Ní Ghallchoir, E. Ní Threartaigh, S. Nic Giolla Bhríde, D. Nic Mennamin, S. Nic Rodaigh, S Mac Giolla Bhríde, Bainisteoir.

**'ún tosaigh:** Nic Giolla Chomaill, L. Nic Giolla Bhríde, S. Nic Uigín, K. Nic Íomhair, M. Nic Aodha, J. Ní Threartaigh, C. Nic Giolla Bhríde, S. Ní Ghallchóir, C. Ní Shiadhail, N. Ní Chonghaile, T Roberts.

Comhgháirdeachas mór leis na mná sa phictiúr seo. Fuair siad bhuaidh ar an Chlochán Liath leis an scór 6-6 le 4-9 i gcomórtas Peile na Gaeltachta a h-inríodh sna Dúnaibh ar an Domhnach 26ú Márta.

Seo bliain mhór do mhná na nDúnaibh – tá foireann peile Sinsir sa chlub don chéad uair le blianta fada. Thosaigh na mná ag traenáil i lár Mí Eanáir faoi bhainistíocht Sheáin Mhic Giolla Bhríde agus Phóil Mhic Giolla Bhríde. Bíonn thart fá fiche bean óg ag traenáil achan oíche Chéadaoin agus ar maidin Dé Sathairn. Beidh a gcéad chluiche acu ar an Domhnach an 19ú Márta agus tá súil againn go mbeidh tacaíocht mhór ó phobal na háite don fhoireann bhreá seo.

# CLG na nDúnaibh

Tá CLG Na nDúnaibh i mbun forbairtí móra ina gcuid ullmhúchán do Chomórtas Peile na Gaeltachta a bheas ar siúl anseo sna Dúnaibh le linn deireadh seachtaine na Cincíse 2018. Tosóidh an comórtas tráthnóna Dé hAoine agus críochnóidh sé leis na cluichí ceannais ar an Luan. Beidh dhá chomórtas ann do na fir, sinsear agus sóisear agus beidh tuairim is fiche foireann ar fad páirteach sa dá chomórtas seo. Beidh foirne anseo ó Ghaeltachtaí sna contaethe seo a leanas: Dún na nGall, Muigheó, Gaillimh, Ciarraí, Corcaí, Port Láirge, An Mhí, comh maith le foireann ó Bhéal Feirste, ó Bhaile Atha Cliath agus as Londain. Cé nach bhfuil comórtas na mBan mar pháirt oifigiúil do Chomórtas Peile na Gaeltachta tá comórtas a eagrú d'fhoirne na mBan le roinnt blianta agus bíonn tuairim is deich bhfoireann ban páirteach sa chomórtas seo anois.

Tarraingíonn an comórtas seo corradh agus cúig mhíle duine isteach i cibé ceantar a bhíonn a reáchtáil. Bhí an comórtas i mBaile Bhúirne i gCo Chorcaí anuraidh, áit ar bhain na Dúnaibh an comórtas Sóisir agus beidh an comórtas i mbliana i dTuar Mhic Éadaigh i gCo Mhuigheó.

Na Dúnaibh
Ní neart go cur le chéile

Mar pháirt den obair fhorbartha atá ar siúl faoi láthair tá fál curtha timpeall na bpáirceanna peile anois agus tá an dá sheomra feistíse úra chóir a bheith críochnaithe. Dar ndóigh tá neart oibre le bheith déanta go fóill agus beidh glanadh mór le déanamh ar an Ionad, istigh agus amuigh.

Beidh an cumann ag brath go mór ar chomhoibriú agus ar thacaíocht an phobail mar cha dtiocfadh le cumann beag tuaithe ar bith a leithéid de chomórtas a reáchtáil gan tacaíocht an phobail. Ach



caithfear a chur san áireamh nach rachaidh an Comórtas Náisiúnta seo 'un tairbhe go díreach don chumann ach rachaidh sé go mór 'un tairbhe don cheantar ar fad.

Tá cuid mhór eagraíochta i gceist lena leithéid de chomórtas a reáchtáil agus ceann de na deacrachtaí a bhíonn ag an mhórchuid de na cumainn a reáchtáileann an Comórtas ná an lóistín. Beidh ar an chumann lóistín a chur ar fáil do chorradh agus cúig chéad a bheas leis na foirne gan trácht ar an lucht tacaíochta. Duine ar bith amuigh ansin gur mhaith leo lóistín a chur ar fáil don deireadh



seachtaine nó gur mhaith leo a dteach a ligean ar cíos b'fhiú go mór a dhul i dteagmháil le hoifigeach de chuid an chumainn chomh luath agus is féidir.



Bhí an comórtas sna Dúnaibh uair amháin cheana agus ba sin sa bhliain 1986, bhí na sluaite fán áit agus bhain achan duine taitneamh as ócáid. Tá súil againn uilig go mbeidh sé mar an  gcéanna an iarraidh seo.



Seo pictiúr d'fhoireann peile na nDúnaibh  a bhain Comórtas Peile na Gaeltachta anseo sa Chontae i ngrád na Sinsir sa bhliain 1986. Fuair siad an bhuaidh ar Ghleann Cholm Cille sa chluiche ceannais. Ba sin an bhliain a bhí an Comórtas Náisiúnta sna Dúnaibh. Ach ansin sna cluichí ceannais den Chomórtas Náisiúnta bhain Gleann Cholm Cille díoltas amach nuair a bhí buaidh mhaith acu ar na Dúnaibh.

Ar cúl ó chlé: S. Mac Giolla Bhríde, M. Mac Giolla Bhríde (RIP), Tommy Clyde, M. Ó Cathasaigh, G Mac Aodha, P. Ó Buaidhe, M. Ó Gallchóir, H. Mac Laifeartaigh, P. Ó Buaidhe.

'Ún tosaigh ó chlé: D Mac Eiteagáin, P Mac Giolla Bhríde, E Mac Rodaigh, M. Mac Giolla Bhríde, D. Mac Giolla Bhríde, P. Ó Luodhóg, D. Mac Rodaigh agus B. De Róiste.

Ár dTeanga

LPT Thuaisceart Dhún na nGall

Ó Ghleann Domhain go Gleann Bhairr

Ár nOidhreacht

# Is Ait an Mac an Saol

Is ait an mac an saol gan amhras. De réir cosúlachta, macasamhail na bhfáinleog i dtús an fhómhair, tá an teanga Gaeilge i ndiaidh a háit dúchais i gcuid mhaith de Ghaeltachtaí na hÉireann a thréigint agus ag dul ar imirce chuig na bailte móra agus cathracha! Caidé atá ag dul ar aghaidh ar chor ar bith?

Tá conspóid ag baint le ceist na Gaeltachta ar feadh blianta fada, siar go dtí bunadh an Stáit ag tús na bhfichidí agus leoga d'fhéadfá rá níos faide siar ná sin, fiú amháin siar go bunadh Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1893. Ní gá duit amharc i bhfad uait chun lucht cáinte na Gaeilge a fháil i láthair na huaire ach oiread, idir iriseoirí agus baill den phobal.

Cha raibh meon, dearcadh nó cur chuige Rialtas i ndiaidh Rialtais, bíodh sin Fianna Fáil nó Fine Gael, thar mholadh beirte ach oiread. Ach sa deireadh thiar thall, d'éirigh leo plean a chur le chéile - Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (2010 - 2030). Is é atá i gceist ná an Ghaeltacht a bhí ann go dtí seo a roinnt ina cheantair ar a dtugtar Limistéar Pleanála Teanga (LPT). Bheadh trí nó ceithre Ghaeltacht bheaga mar pháirt de gach LPD, mar shampla, Gaoth Dobhair, Anagaire, Rann na Feirste agus Loch an Iúir mar pháirt de LPD an Iarthuaiscirt. Maidir linn fhéin i Ros Goill, tá muid i LPT Thuaisceart Dhún na nGall mar atá Fánaid, An Tearmann, Craosloch, Gleann Domhain agus Gleann Bhairr. Chomh maith le sin, roghnaíodh Céim Aniar mar cheann eagraíocht agus toghadh Coiste Stiúrtha le beirt as achan cheantar ag déanamh ionadaíochta ar a gceantar féin.

Caidé atá le déanamh ag achan LPT? Caithfidh gach LPT plean inbhuanaithe don Ghaeilge a chur le chéile taobh istigh de dhá bhliain ón am a hainmníodh an ceantar mar Limistéar Pleanála Teanga. Inár gcás fhéin, tharla seo i mí an Mhárta 2016. Ciallaíonn seo go bhfuil plean le ceapadh fá Mhárta 2018. Cluinim thú ag rá: Cén fáth nár ainmníodh Gaeltacht Thuaisceart Dhún na nGall go dtí an bhliain 2016 ? Sin ceist mhaith ar chóir duit chur ar do Theachta Dála áitiúil.

Cibé ar bith, sula gceaptar plean, caithfear an pobal a chur ar an eolas agus bhí roinnt cruinnithe againn le heagraíochtaí áitiúla ar na mallaibh agus tá sé ar intinn againn cruinniú a bheith againn leofa sin a bhfuil suim acu sa Ghaeilge amach anseo go luath. (Coinnigh súil ar ár leathanach Facebook - Céim Aniar Teo.)

Tá sé de dhualgas ar gach LPT meon an phobail i leith na Gaeilge a aimsiú, chomh maith lena gcumas nó neamh-chumas maidir le húsáid na Gaeilge agus dá bharr sin beidh Céim Aniar ag cur ceistneoirí thart ar na bailte fearainn i nGaeltacht Ros Goill chun an t-eolas seo a aimsiú. Bheadh sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfaí freagraí ionraice ar cheisteanna an tsuirbhé. Beidh beirt thimire ag dul thart ag dáileadh agus ag bailiú na bhfoirmeacha suirbhé: Seán Mhicí Rua Mac Giolla Bhríde i gceantar an Íochtair agus Seosamh Ó Cuillinn i gceantar an Uachtair. Beidh na

timirí ábalta aon cheist faoin suirbhé a fhreagairt agus bíodh a fhios ag achan duine nach gá d'ainm a chur leis an suirbhé seo.
Nuair atá na foirmeacha seo uilig bailithe, beidh sé riachtanach anailís a dhéanamh ar na torthaí agus ansin ceapfar plean a bheas bunaithe ar na torthaí. Ina dhiaidh sin tá seacht mbliana leis an phlean a chur i gcrích.
Tá a fhios againn uilig nach dtig linn pilleadh ar an dóigh a raibh cúrsaí Gaeilge i Ros Goill seachtó bliain ó shin - is é dhátheangachas atá i gceist i gcuid mhaith de Ghaeltachtaí na tíre san lá atá inniu ann. Agus, ar ndóiche, tá ról ag an Roinn Oideachais sa cheist seo chomh maith. Caidé a thig liomsa a dhéanamh fá dtaobh de, cluinim thú ag rá? Bhuel, is é beatha teanga í a labhairt. Mar sin, má tá Gaeilge agat, ná bíodh aon fhaitíos ort í a labhairt. Má tá paistí nó gar-pháistí agat, cad chuige nach labhrófá cúpla abairt Ghaeilge leo achan lá? Beidh sé ina chuidiú acu ar scoil agus tá sé cruthaithe ag taighde scoláirí go bhfuil sé níos fusa do pháiste ar bith atá in ann dhá theanga a labhairt, an tríú teanga a fhoghlaim. Ach siocair gur labhraíodh ár dteanga dúchais leis na céadta bliain i gceantar álainn Ros Goill, ba mhór an trua agus ba mhairg dúinn uilig dá mba seo an ghlúin a lig di dul in éag le linn ár n-ama.
Mar a dúirt mé ag tús, nach íorónta an mhaise é go bhfuil Gaeilgeoirí na Sé Chontae ag clamhsán, ag oibriú agus ag cur brú ar Thionól Thuaisceart Éireann chun Acht na Gaeilge a chur i bhfeidhm i ndúiche ina raibh an Ghaeilge chor a bheith imithe as agus ag an am chéanna beag beann ag ceantair dhúchasacha Ghaeilge ar an tseod is luachmhaire in ár gcultúr.
Is ait an mac an saol gan amhras.



# Féile Áitiúil Scoile

## An Plúirín Bán leis na Naíonáin



## Cinderella le Rang 1& 2



# drámaíochta 2017

## Shrek le Rang 3 & 4



## An Drabhlásach le Rang 5 & 6



Ceithre dhráma a bhí ag Céim Aniar san Fhéile Scoil Drámaíochta a bhí ar siúl in Amharclann an Ghrianain i Leitir Ceanainn tamall ó shin.
Leírigh na Naíonain ‘An Plúirín Ban; Rang 1&2 ‘Cinderella’; Rang 3&4 ‘Shrek’ agus Rang 5&6 ‘An Drabhlasach’. Comhghairdeachas mór leis na páistí uilig agus le Francie (Ó Cuilinn) a scríobh cuid de na drámaí agus a d’ullmhaigh na páistí don ardán.

Cháiligh dhá dhráma - ‘Shrek’ agus ‘An Drabhlásach’ d’fheile Scoil Drámaíochta chúige Uladh. Cé gur éirigh thar bass leo ar an ardán bhí an mí-ádh orthu nach bhfuair siad ainmniúchán don Fhéile Náisiúnta. Obair mhór déanta acu uilig agus creidiúint mhór ag dul doíbh. Maith sibh!

# Lá Fhéile Pádraig

